# Dear agus Déan Cluiche



Clúdaíonn an gníomhaíocht seo a lán cuspoirí éagsúla ón gCuraclam Bunscoile; Litearthacht Corpoideachas, Mata, Eolaíocht agus OSPS san áireamh. Iarrtar ar pháistí a bheith ag comhoibriú, ag réiteach fadhbanna, ag plé agus ag déanamh cinntí faoin gcluiche atá deartha acu. Is féidir leis an tasc seo a bheith oscailte nó is féidir leis an múinteoir treoir a thabhairt maidir leis an trealamh agus na hábhair a bheidh in úsáid.

## Ag iniúchadh:

Céard iad na cluichí/spóirt is fearr linn?
Cén fáth go dtaitníonn siad linn?
Cén scileanna a d'fhorbrófaí sa chluiche? An cluiche aonair a bheidh ann nó an mbeidh foireann i gceist?
Cén ábhair a theastóidh? Cén fhad a mhairfidh an cluiche?
Cén baill choirp a bheidh in úsáid chun an cluiche a imirt?  Cén buntáistí sláinte a bhaineann leis an gcluiche?

## Ag pleanáil




An féidir linn leagan amach na páirce/cúirte/áit spraoi a tharraingt? An féidir linn é a thomhas?
Céard é aidhm an chluiche?
Céard a chaithfidh tú a dhéanamh chun an bua a bheith agat?
Céard iad rialacha an chluiche? An féidir linn treoracha simplí a scríobh don chluiche?

## Ag déanamh

An gcaithfimid trealamh nua a dhéanamh nó an féidir trealamh atá againn cheana féin a úsáid?
Céard a theastaíonn uainn chun teorainn na páirce/ áiteanna scórála a mharcáil? Cé a choinníonn an scór? Cén bealach a choinnítear an scór?
Ba cheart do na páistí samhail a dhéanamh don chluiche chun é a thástáil. Má tá rud éigin nach bhfuil ag obair i gceart, ba cheart iad a spreagadh chun an cluiche a dhearadh arís. Ba cheart dóibh aischothú an mhúinteora/ páistí eile a úsáid don dearadh nua.

## Ag meastóireacht

Céard a thaitin linn faoin gcluiche?
An raibh na treoracha agus rialacha easca le leanúint?
Céard a athrófá an chéad uair eile?
Cen chaoi a bheadh muid in ann an cluiche a dhéanamh níos easca/níos deacra ag brath ar na daoine a bheadh ag imirt?